Saoirse do lucht siúlóide

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shocrú idir feirmeoirí agus an rialtas chun níos mó saoirse a thabhairt do dhaoine a bhíonn ag siúl faoin tuath. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén fáth nach maith le roinnt feirmeoirí é nuair a shiúlann daoine ar a gcuid talún? Cad iad na rudaí a chuireann isteach orthu? (Smaoinigh ar gheataí, bruscar, ainmhithe, srl.)

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. landowners _____
2. walkers _____
3. compromise _____
4. tourist season _____
5. about to make an arrangement _____
6. annual payment _____
7. walking routes _____
8. to maintain them _____
9. a few sheep _____
10. some cattle _____
11. holiday packages _____
12. the latest figures _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé mhéad turasóirí a tháinig go hÉirinn i 2004 chun siúlóidí a dhéanamh agus cé mhéad airgid a chaith siad?

2. Cén sórt socraithe atá Cumann na bhFeirmeoirí ag déanamh leis an rialtas?

3. Cén dearcadh atá ag an bhfeirmeoir Dónall Ó Loingsigh i leith lucht siúlóide?

4. Cén sórt gnó atá ar bun ag *Go Ireland*? Cad a deir siad faoin scéim nua do bhealaí siúlóide?

5. Cad a thaispeánann na figiúirí a d'fhoilsigh an eagraíocht turasóireachta *Fáilte Ireland* inniu?

6. Cad leis a bhfuil lucht an tionscail turasóireachta i ndeisceart na tíre ag súil?

Ceist 4 ‘Deir siad *go ndéanfaidh* an scéim bealaí siúlóide an-difríocht d’ainm na tíre seo thar lear.’
‘Tá lucht an tionscail ag súil *go gcabhróidh* an scéim nua bealaí siúlóide chun níos mó turasóirí a mhealladh go dtí an tír seo.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Tá an cumann sléibhteoireachta ag súil go _____ an aimsir go breá ag an deireadh seachtaine. (bí)

2. Ceapann *Fáilte Ireland* go _____ níos mó turasóirí ar cuairt go hÉirinn an bhliain seo chugainn. (tar)

3. Tá súil ag an múinteoir go _____ na daltaí go leor Gaeilge nuair a théann siad go dtí an Ghaeltacht. (foghlaim)

4. Deir na hiriseoirí go _____ an rialtas níos mó airgid do dhaoine ar phinsin an bhliain seo chugainn. (tabhair)

5. Is cinnte go _____ daoine a lán bia do laethanta saoire na Nollag. (ceannaigh)

Ceist 5 **‘**Táthar ag súil *comhréiteach* faoin scéim náisiúnta bealaí siúlóide a bheith déanta roimh an Nollaig.’

Tá go leor focal sa Ghaeilge a thosnaíonn leis an réimír ‘comh’. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na colúin thíos a cheangal?

1	Is maith an rud é nuair a bhíonn..... idir na daltaí sa seomra ranga.	a	comhbhá
2	Toisc go raibh Seán an-bhocht nuair a bhí sé óg, bhí ..... aige le daoine bochta.	b	comhrialtas
3	Mura bhfaigheann páirtí polaitiúil amháin go leor vótaí, tagann dhá nó trí pháirtí le chéile chun ..... a chruthú.	c	comhtharlú
4	Ní raibh fhios ag Máire go raibh Sinéad ag dul ar saoire go Páras. ..... a bhí ann nuair a bhuail siad le chéile ag Túr Eiffel.	d	comhghleacaí
5	Sa láthair oibre, is maith an rud é bheith in ann dul i gcomhairle le ..... má bhíonn fadhb agat.	e	comhoibriú

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: An dtéann sibh ag siúl faoin tuath? An raibh deacracht agaibh riamh agus sibh ag siúl trí thalamh phríobháideach? Cad a cheapann sibh faoin socrú atá déanta ag Cumann na bhFeirmeoirí leis an rialtas?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. úinéirí talún
2. lucht siúlóide (*nó* siúlóidithe)
3. comhréiteach
4. séasúr turasóireachta
5. ar tí socrú a dhéanamh
6. íocaíocht bhliantúil
7. bealaí siúlóide
8. caoi a choimeád orthu
9. cúpla caora
10. roinnt beithígh
11. pacáistí saoire
12. na figiúirí is déanaí

Ceist 3

1. Tháinig os cionn ceathrú milliún turasóirí go hÉirinn i 2004 chun siúlóidí a dhéanamh agus do chaith siad 170 milliún euro.
2. Tá Cumann na bhFeirmeoirí ar tí socrú a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Tuaithe chun íocaíocht bhliantúil a fháil do fheirmeoirí a chuireann bealaí siúlóide isteach agus a bhíonn sásta caoi a choimeád orthu.
3. Tá dearcadh dearfach ag Dónall Ó Loingsigh i leith lucht siúlóide, b'fhéidir toisc gur siúlóidí é féin. Insíonn sé dhá scéal faoi shiúlóidithe a chuir ainmhithe a bhí imithe ar strae ar ais isteach i bpáirceanna. Is dóigh leis go gcoimeádann siúlóidithe súil ar rudaí.
4. Socraíonn *Go Ireland Activity Holidays* pacáistí saoire do shiúlóidithe ó thíortha eile. Deir siad go ndéanfaidh an scéim bealaí siúlóide an-difríocht d'ainm na tíre seo thar lear.
5. Taispeánann na figiúirí is déanaí ó *Fáilte Ireland* gur tháinig 8 milliún turasóirí anseo i mbliana, méadú 8% ar an mbliain seo caite.
6. Tá lucht an tionscail sa deisceart ag súil go gcabhróidh an scéim nua bealaí siúlóide chun níos mó turasóirí ná riamh cheana a mhealladh go hÉirinn.

Ceist 4
An chlaoninsint san aimsir fháistineach atá i gceist anseo.

1. go mbeidh
2. go dtiocfaidh
3. go bhfoghlaimeoidh
4. go dtabharfaidh
5. go gceannóidh

Ceist 5
1e, 2a, 3b, 4c, 5d

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá Cumann na bhFeirmeoirí ar tí socrú a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta thar ceann úinéirí talún a ligfidh do lucht siúlóide dul thairis[1] a gcuid talún. Táthar ag súil comhréiteach faoi scéim náisiúnta bealaí siúlóide a bheith déanta roimis[2] an Nollaig, scéim a bheidh i bhfeidhm in am don séasúr turasóireachta 2007. Tá an scéal ar fad ag Grett O'Connor.

Grett O'Connor

Tháinig os cionn ceathrú milliún turasóirí go hÉirinn i 2004 chun siúlóidí a dhéanamh agus do chaitheadar 170 milliún euro. Go dtí seo bhí fadhbanna anseo is ansiúd le húinéirí talún nach raibh sásta siúlóidithe a scaoileadh isteach. Ach an tseachtain seo, tá Cumann na bhFeirmeoirí ar tí socrú a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Tuaithe chun íocaíocht bhliantúil a fháil do fheirmeoirí a chuireann bealaí siúlóide isteach agus a bhíonn sásta caoi a choimeád orthu. Is siúlóidí agus feirmeoir é Dónall Ó Loingsigh.

Dónall Ó Loingsigh

Lá amháin bhíos ag siúl le grúpa ó Mhaigh Cromtha agus fuaireamar cúpla caora a bhí sáite isteach i bpoll agus thóg na daoine a bhí ag siúl amach na caoirigh agus chuir siad isteach sa bpáirc iad. Lá eile bhí roinnt beithígh buailte amach ar an mbóthar[3] agus chuir na daoine a bhí ag siúl isteach sa bpáirc iad arís agus dhún siad an geata agus is féidir liom a rá go gcoimeádann na siúlóidithe aghaidh ar na rudaí mar sin.

Grett O'Connor

Socraíonn *Go Ireland Activity Holidays* pacáistí saoire do shiúlóidithe ó thíortha eile. Deir siad go ndéanfaidh an scéim bealaí siúlóide an-difríocht do ainm na tíre seo thar lear. Ba chúis buartha i gcónaí é go dtí seo do chumainn a thagadh anseo nach n-éireodh leo cead d'fháil dul ag siúl ins na háiteanna ar mhaith leo.

Inniu foilsíodh na figiúirí is déanaí ó *Fáilte Ireland* a léiríonn gur tháinig 8 milliún turasóirí anseo i mbliana, méadú 8% ar an mbliain seo caite. Tá lucht an tionscail anseo ó dheas ag súil go gcabhróidh an scéim nua bealaí siúlóide chun níos mó turasóirí ná riamh cheana a mhealladh go dtí an tír seo.

Grett O'Connor, Nuacht TG4 i gCill Áirne

[1] *thar a gcuid talún* a deirtear sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *roimh an Nollaig* a deirtear sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *ar an bóthar* a deirtear sa mhír